

**Tá tú curtha ag an Uachtarán Metsola le nós imeachta práinne chun díolúine beirt Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa a tharscaoileadh, tar éis iarraidh a fháil ó údaráis bhreithiúnacha na Beilge.**

Tá na chéad bhearta sa nós imeachta déanta agus fógróidh an tUachtarán an iarraidh sa suí ionlánach a luaithe agus is féidir, ag suí ionlánach an [16 Eanáir](#). Cuirfear an iarraidh ar aghaidh chuig an [gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla \(JURI\)](#) ansin chun togra le haghaidh cinnidh a chur le cheile.

‘Ón tú ar fad, rinne Pharlaimint na hEorpa a seacht ndícheall chun cabhrú leis na himscrúduithe agus leanfaimid orainn chun a chinntí nach mbeidh aon saoirse ó phonós ann. Maidir leo siúd atá ciontach, bígí cinnte de go bhfeidhmeoidh an Pharlaimint seo ar thaobh an dlí. Ní féidir leis an éillíú a bheith tairbheach agus déanfaimid gach rud chun é a chomhrac’, a dúirt an tUachtarán Metsola.

Leagfaidh an tUachtarán Metsola amach na hathchóirithe atá beartaithe aici sna seachtainí amach romhainn freisin, lena n-áirítear athchóiriú ó bhonn ar na rialacha reatha agus feabhas a chur ar na córais inmheánacha, lena n-áirítear maidir le forfheidhmiú.

### **An nós imeachta maidir le díolúine a tharscaoileadh**

Mar a phoráiltear i Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa ([Riail 6](#) agus [Riail 9](#)), déanann an tUachtarán na hiarrataí ar tharscaoileadh díolúine a fhógairt sa Suí Ionlánach agus ansin déantar iad a tharchur chuig an gCoiste inniúil (an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI)).

[Ceapann](#) an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) rapoirtéir, cuirtear na cásanna i láthair i gcruiinní coiste agus féadtar éisteacht a reáchtáil.

Déanann Coiste JURI plé agus vótáil ar an dréacht-tuarascáil. Glacann an coiste moladh go ndéanfadhbh an Pharlaimint ina hiomláine an iarraidh a fhormheas nó go ndiúltódh sí di. Déantar gach cás díolúine a mheas i seomra iata.

Cuirtear an moladh faoi bhráid an tSuí Ionlánaigh ansin. Má ghlacann an Suí Ionlánach é (tromlach simplí), cuirfidh an tUachtarán cinneadh na Parlaiminte in iúl láithreach don Fheisire/do na Feisirí lena mbaineann agus don údarás inniúil náisiúnta.

D’iarr an tUachtarán ar na seirbhísí agus ar na coistí uile túis áite a thabhairt don nós imeachta seo chun go dtabharfar chun críche é faoin 13 Feabhra 2023.